AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
C(2023) 4622 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach

Clár Ábhar

1. Cuspóir na Foirme FS-CO 2
2. Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO 2
3. Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach 3
4. Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás 3
5. Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh 4
6. An ceanglas le haghaidh fógra ceart agus comhlánaithe 5
7. Conas fógra a thabhairt 5
8. Rúndacht agus Sonraí Pearsanta 6
9. Sainmhínithe agus treoracha chun críocha na Foirme FS-CO seo 7
1. ROINN 1: Tuairisc ar an gcomhchruinniú 8
2. ROINN 2: Faisnéis maidir leis na páirtithe 9
3. ROINN 3: Mionsonraí an chomhchruinnithe, na húinéireachta agus an rialaithe 10
4. ROINN 4: Tairseacha fógartha 12
5. ROINN 5: Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha 13
6. ROINN 6: Tionchar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sa chomhchruinniú ar an margadh inmheánach 17
7. ROINN 7: Éifeachtaí dearfacha féideartha 19
8. ROINN 8: Doiciméadacht tacaíochta 20
9. ROINN 9: Fianú 21

IARSCRÍBHINN I

FOIRM FS-CO A BHAINEANN LE FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHOMHCHRUINNIÚ DE BHUN RIALACHÁN (AE) 2022/2560

RÉAMHRÁ

1. CUSPÓIR NA FOIRME FS-CO

1. Sonraítear leis an bhFoirm FS-CO seo an fhaisnéis nach mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar agus é nó iad ag cur fógra faoi bhráid an Choimisiúin maidir le comhchruinniú beartaithe i gcomhthéacs chóras rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais. Leagtar amach córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais síos i Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [OP: cuir isteach uimhir an rialacháin] ón gCoimisiún maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme')[2], atá i gceangal leis an bhFoirm FS-CO seo.

2. CINEÁLACHA FAISNÉISE A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN BHFOIRM FS-CO

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas de dhíth ar an bhFoirm FS-CO:

(a) Bunfhaisnéis ar riachtanach i bprionsabal í chun measúnú a dhéanamh ar gach comhchruinniú (Ranna 1-4).

(b) Faisnéis faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha arna bhfáil ag na páirtithe de bhun Airteagal 20(3) pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 (Roinn 5). Go háirithe, de bhun Roinn 5 den Fhoirm FS-CO, iarrtar faisnéis mhionsonraithe maidir le gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560. I ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile, leis an bhFoirm FS-CO ceanglaítear forléargas ar na cineálacha éagsúla ranníocaíochtaí airgeadais cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear i dTábla 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn cás ar chás, faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh maidir le haon chineál de na cineálacha ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear mar fhreagairt ar na ceisteanna i Roinn 5 agus i dTábla 1, nó maidir le haon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a fuair an páirtí nó na páirtithe sa

[1] IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.
[2] [OP: cuir isteach tagairt IO].

chomhchruinniú. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile a deonaíodh do na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil, ní mór iad a chur san áireamh chun na tairseacha fógartha a chinneadh cé acu a chomhlíontar an tairseach maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 20(3)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nach gcomhlíontar, gan beann ar cé acu a iarrtar faisnéis maidir leo faoi Roinn 5 nó nach n-iarrtar.

(c) An fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sa chomhchruinniú an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí Airteagail 4 nó 5 de Rialachán (AE) 2022/2560 (i ndáil leis an bpróiseas éadála mar aon leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na páirtithe sa chomhchruinniú) (Roinn 6).

(d) Faisnéis ar éifeachtaí dearfacha féideartha na bhfóirdheontas eachtrach (Roinn 7).

(e) Doiciméadacht tacaíochta (Roinn 8).

3. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear i Ranna 1-6 agus i Roinn 8 a sholáthar i bprionsabal go measfaí fógra a bheith iomlán. Os a choinne sin, is faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a chinneadh cé acu a sholáthrófar nó nach soláthrófar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Roinn 7, lena ndéileáiltear le faisnéis faoi éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ag na fóirdheontais eachtracha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach, mar aon le héifeachtaí dearfacha eile i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha.

4. Tá an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm FS-CO gan dochar don fhéidearthacht go n-iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise in iarraidh ar fhaisnéis.

3. FAISNÉIS NACH BHFUIL FÁIL UIRTHI GO RÉASÚNACH

5. I gcás nach bhfuil píosaí sonracha na faisnéise seo a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO sin ar fáil go réasúnach don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu i bpáirt nó ina n-iomláine, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha in aithrisí 9 - 11 den Réamhrá seo.

4. FAISNÉIS NACH BHFUIL GÁ LÉI LE HAGHAIDH SCRÚDÚ AN CHOIMISIÚIN AR AN GCÁS

6. De bhun Airteagal 4(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le faisnéis ar leith a sholáthar san fhógra, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean thar ceal i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

7. Féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó

aon cheanglas eile san Fhoirm FS-CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha maidir le hiarrataí ar tharscaoileadh a leagtar síos in aithrisí 9 – 11 den Réamhrá seo.

5. TEAGMHÁLACHA RÉAMHFHÓGRA AGUS IARRATAÍ AR THARSCAOILEADH

8. Spreagtar an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dul i mbun pléití réamhfhógra in am leordhóthanach roimh an bhfógra, ar bhonn dréachtfhógra, más féidir. I dtaca leis an bhféidearthacht dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra, is seirbhís é sin a sholáthraíonn an Coimisiún don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar bhonn deonach chun an t-athbhreithniú tosaigh ar fhóirdheontas eachtrach a ullmhú i gcomhthéacs comhchruinnithe. Mar sin, cé nach céim éigeantach iad na teagmhálacha réamhfhógra, is féidir leo a bheith sárluachmhar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus don Choimisiún araon chun méid beacht na faisnéise a cheanglaítear i bhfógra a chinneadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthrófar faoi Roinn 5 agus i dTábla 1 agus chun a áirithiú go bhfuil an fógra iomlán. Thairis sin, d'fhéadfadh laghdú suntasach teacht ar an bhfaisnéis a cheanglaítear de bharr na dteagmhálacha réamhfhógra.

9. I gcaitheamh na dteagmhálacha réamhfhógra, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tarscaoiltí a iarraidh maidir le faisnéis áirithe a cheanglaítear leis an bhfoirm seo a chur isteach. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis ábhartha go réasúnach. I gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir, ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu na meastacháin is fearr a thabhairt le haghaidh na sonraí atá in easnamh agus na foinsí le haghaidh na meastachán sin á sainaithint nó an áit a bhféadfadh an Coimisiún aon chuid den fhaisnéis a iarradh nach bhfuil ar fáil a fháil á sonrú.

   (b) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

10. Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i scríbhinn le linn réamhfhógra, sa dréachtfhógra féin más féidir (ag tús na Roinne nó na Foroinne ábhartha). Déileálfaidh an Coimisiún le hiarrataí ar tharscaoileadh le linn réamhfhógra i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréachtfhógra.

11. I dtaca leis an bhfíoras go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis go bhféadfar aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm FS-CO seo a fhágáil ar lár ó fhógra, ní chuirtear cosc ar an gCoimisiún in aon chor an fhaisnéis sin a iarraidh tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarraidh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

6. AN CEANGLAS LE HAGHAIDH FÓGRA CEART AGUS COMHLÁNAITHE

12. Mar a mhínítear i aithrisí 2 – 4 den Réamhrá seo, ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1-6 agus i Roinn 8 a sholáthar i bprionsabal i ngach cás chun go measfar an fógra a bheith comhlánaithe. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí, agus ní mór di a bheith ceart agus iomlán.

13. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

(a) Tosóidh an tréimhse ama de 25 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 an lá oibre tar éis an fógra comhiomlán a fháil. Áirithítear leis sin go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú dá dtugtar fógra laistigh de na teorainneacha ama dochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2560.

(b) Ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fhíorú, le linn dó nó dóibh an fógra a ullmhú, gur cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta iad na hainmneacha agus uimhreacha teagmhála, agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sholáthraítear don Choimisiún.

(c) Ní mór sonraí teagmhála arna n-iarraidh a sholáthar san fhormáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin ('Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta') ar a suíomh gréasáin. Tá sé fíor-riachtanach i gcás próiseas imscrúdaithe iomchuí go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuige sin, ní mór seoltaí ríomhphoist a sholáthraítear a bheith pearsantaithe agus sannta do dhaoine teagmhála sonracha agus dá dheasca sin, ní mór boscaí poist cuideachta ginearálta (e.g., info@, hello@) a sheachaint. Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil an fógra neamhiomlán ar bhonn sonraí teagmhála míchuí.

(d) Ní mór doiciméadacht tacaíochta faoi Roinn 8 a sholáthar in éineacht le tábla achoimre a chloíonn leis an bhformáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ar a suíomh gréasáin.

(e) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, measfar go bhfágfaidh faisnéis mhícheart nó mhíthreorach atá san fhógra nó a sholáthraítear in éineacht leis an bhfógra go mbeidh an fógra neamhiomlán chun dáta éifeachtach an fhógra a chinneadh.

(f) Faoi Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, an gnóthas a sholáthraíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fíneálacha suas le 1 % dá láimhdeachas comhiomlán a ghearradh air. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le comhchruinniú a chúlghairm i gcás ina raibh sé bunaithe ar fhaisnéis mhíthreorach, mhícheart nó neamhiomlán.

7. CONAS FÓGRA A THABHAIRT

14. Déanfar na fógraí a chur isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Cuirfear ainmneacha na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu isteach ina dteanga bhunaidh freisin. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO seo a leagan amach agus úsáid á baint as na ranna agus as na foranna atá le fáil inti, agus i gcás inarb ábhartha, doiciméadacht tacaíochta á cur i gceangal léi. Ní mór fianú sínithe a chuimsiú san fhógra a chuirfear isteach mar a sholáthraítear

i Roinn 9. I gcás inarb ionann cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a sholáthraítear in dhá roinn dhifriúla, féadfar crostagairtí a úsáid.

15. I dtaca leis an bhfógra, ní mór do dhaoine é a shíniú ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ní mór d'ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu é a shíniú. Ní mór an chumhacht aturnae chomhfhreagrach / na cumachtuithe aturnae comhfhreagracha (nó cruthúnas scríofa go bhfuil siad údaraithe chun gníomhú) a chur i gceangal leis an bhfógra. Is féidir sonraíochtaí agus treoracha teicniúla maidir le fógraí (sínithe san áireamh) a aimsiú ar AS na hIomaíochta.

16. Agus Ranna 5, 6 agus 7 den Fhoirm FS-CO seo á líonadh isteach, iarrtar ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a m(h)achnamh a dhéanamh an fearr, de ghrá na soiléireachta, an fhaisnéis sna ranna sin a chur i láthair in ord uimhriúil, nó an féidir iad a ghrúpáil le chéile le haghaidh gach ranníocaíocht airgeadais eachtrach aonair (nó grúpa de ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha).

17. Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hiarscríbhinní. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile a chur i láthair i gcorp an fhógra. Ní mór gan aon iarscríbhinní a chuirfear isteach a úsáid ach amháin chun an fhaisnéis a sholáthraítear i bpríomhchorp an fhógra féin a fhorlíonadh, agus ní mór a thabhairt le fios go soiléir sa chorp an áit mar a soláthraítear faisnéis fhorlíontach in iarscríbhinn.

18. Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ceanglófar aistriúchán go teanga na n-imeachtaí leis an doiciméad (Airteagal 4(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

8. RÚNDACHT AGUS SONRAÍ PEARSANTA

19. In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus in Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar aon lena chuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2560, ar faisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla í. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

20. Má chreideann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu go ndéanfaí dochar dá leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar orthu a sholáthar, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur isteach go leithleach, agus 'Faoi Rún' a mharcáil go soiléir ar gach leathanach breise. Ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

21. I gcás comhrialú ar chumaisc nó éadálacha, nó i gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná páirtí amháin an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san fhógra go measfaí an fógra a bheith iomlán.

22. Aon sonraí pearsanta a chuirfear isteach i bhfógra nó in éineacht le fógra, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

9. SAINMHÍNITHE AGUS TREORACHA CHUN CRÍOCHA NA FOIRME FS-CO SEO

23. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) 'An páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu': i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcás cumaisc, tagraíonn an téarma sin do na páirtithe uile sa chumasc nó, i gcás éadáil rialaithe, do na gnóthais nó do na daoine uile a fhaigheann urlámhas aonair nó comhrialú ar iomlán nó ar chodanna de ghnóthas amháin nó níos mó.

(b) 'Sprioc(anna)': tagraíonn sé do gach gnóthas nó do gach cuid de ghnóthas a mbeidh leas urlámhais á éadáil ann (lena n-áirítear comhfhiontar) nó a chuirfear faoi réir tairiscint phoiblí. Ní áirítear an díoltóir nó na díoltóirí leis an téarma sin.

(c) 'Páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú': an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu mar a shainmhínítear in (a) agus an sprioc mar a shainmhínítear in (b).

24. Mura sonraítear a mhalairt:

(a) Áirítear leis an téarma 'an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu', (i) na gnóthais uile atá faoi urlámhas aonair nó faoi chomhrialú, go díreach nó go hindíreach, ag 'an bpáirtí nó ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu' i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus 20(6) de Rialachán (AE) 2022/2560, (ii) na gnóthais nó na daoine uile ag a bhfuil urlámhas aonair nó comhrialú, go díreach nó go hindíreach, ar 'an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu', agus (iii) na gnóthais atá faoi urlámhas na bpáirtithe dá dtagraítear i bpointe (ii).

(b) Leis an téarma 'sprioc(anna)', cuimsítear na gnóthais uile atá faoi urlámhas aonair nó faoi chomhrialú, go díreach nó go hindíreach, ag 'an sprioc nó ag na spriocanna' i gcomhréir le hAirteagal 20(5) agus 20(6) de Rialachán (AE) 2022/2560. Os a choinne sin, ní áirítear leis an téarma sin gnóthais agus daoine nach mbeidh urlámhas aonair nó comhrialú, go díreach nó go hindíreach, acu a thuilleadh ar 'an sprioc nó ar na spriocanna' nuair a bheidh an comhchruinniú curtha chun feidhme (e.g. na díoltóirí i gcás éadáil rialaithe).

25. Ní mór aon sonraí airgeadais a iarrtar a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim sna blianta nó sna tréimhsí eile i gceist.

[3] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39. Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe iomaíochta ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

1. ROINN 1: TUAIRISC AR AN GCOMHCHRUINNIÚ

1.1. Tabhair achoimre feidhmiúcháin den chomhchruinniú, ina sonraítear na páirtithe sa chomhchruinniú, an próiseas éadála (e.g. cé acu a roghnaíodh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tar éis próiseas iomaíoch), cineál an chomhchruinnithe (e.g. cumasc, éadáil urlámhais aonair nó comhrialaithe nó cruthú comhfhiontar), an réasúnaíocht straitéiseach agus eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú, agus gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú.

2. ROINN 2: FAISNÉIS MAIDIR LEIS NA PÁIRTITHE

2.1. Faisnéis faoi na páirtithe sa chomhchruinniú.

I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair:

2.1.1. Ainm an ghnóthais (cuirfear ainm an ghnóthais isteach ina dteanga bhunaidh freisin);

2.1.2. a ról sa chomhchruinniú (páirtí cumaisc/páirtí is faighteoir/sprioc/comhfhiontar nuachruthaithe);

2.1.3. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí iomchuí, agus an post atá aige; is gá gur seoladh le haghaidh seirbhíse atá sa seoladh a thugtar chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí ón gCoimisiún agus doiciméid nós imeachta eile, agus measfar go mbeidh an teagmhálaí a thugtar údaraithe chun glacadh le seirbhís;

2.1.4. má cheaptar ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó de chuid an ghnóthais, chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí an Choimisiúin agus doiciméid nós imeachta eile:

2.1.4.1. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist gach ionadaí, agus an post atá aige; agus

2.1.4.2. an cruthúnas i scríbhinn go bhfuil gach ionadaí údaraithe le gníomhú thar ceann an pháirtí sa chomhchruinniú i gceist (bunaithe ar shamhail na Cumhachta Aturnae atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta).

2.2. Cineál gnó gach páirtí.

I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair tuairisc ar chineál gnó an ghnóthais.

3. ROINN 3: MIONSONRAÍ AN CHOMHCHRUINNITHE, NA HÚINÉIREACHTA AGUS AN RIALAITHE

Féadfar an fhaisnéis atá á lorg sa roinn seo a léiriú trí chairteacha eagrúcháin nó léaráidí a úsáid chun struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú a thaispeáint roimh an gcomhchruinniú agus tar éis é a chur i gcrích.

3.1. Tabhair tuairisc ar chineál an chomhchruinnithe a bhfuil fógra á thabhairt ina leith trí thagairt do chritéir ábhartha Rialachán (AE) 2022/2560:

3.1.1 Sainaithin na gnóthais nó na daoine a rialaíonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ina n-aonar nó go comhpháirteach, go díreach nó go hindíreach, ar deireadh, agus tabhair tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú roimh an comhchruinniú a chur i gcrích.

3.1.2 Tabhair míniú cibé an ceann de na nithe seo a leanas atá sa chomhchruinniú atá beartaithe:

(i) cumasc de réir bhí Airteagal 20(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560;

(ii) urlámhas aonair nó comhrialú a éadáil de réir bhí Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2022/2560; nó

(iii) comhfhiontar a chruthú de réir bhrí Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2022/2560.

3.1.3 Tabhair míniú faoin gcaoi a gcuirfear an comhchruinniú chun feidhme (mar shampla trí chomhaontú a chur i gcrích, trí thairiscint phoiblí a sheoladh, etc.).

3.1.4 Faoi threoir Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair míniú cé acu a tharla aon cheann de na nithe seo a leanas nó nár tharla tráth an fhógra:

(i) Tugadh comhaontú i gcrích.

(ii) Rinneadh leas urlámhais a éadáil.

(iii) Fógraíodh tairiscint phoiblí nó an rún tairiscint phoiblí a sheoladh; nó

(iv) Léirigh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus na díoltóirí (de réir mar a bheidh) intinn meoin mhacánta chun comhaontú a thabhairt i gcrích.

3.1.5 Tabhair le fios dáta aon mhórtheagmhas a bhfuil coinne leis, ar mórtheagmhais iad atá ceaptha chun an comhchruinniú a chur i gcrích.

3.1.6 Tabhair míniú ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe na sprice nó an ghnóthais a eascraíonn as an gcomhchruinniú.

3.2. Tabhair tuairisc ar an réasúnaíocht eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.

3.3. Luaigh luach an idirbhirt (an praghas ceannaigh nó luach na sócmhainní uile lena mbaineann, de réir mar is infheidhme); sonraigh cibé acu an íoctar é sin i bhfoirm cothromais, airgid, nó sócmhainní eile. Tabhair le fios freisin luach fiontair na sprice agus míniú ar an mbealach a ríomhadh an luach fiontair sin[4].

3.4. Liosta foinsí uile an mhaoinithe (fiachas, cothromas, sócmhainní, etc.) a úsáidtear chun an t-idirbheart a mhaoiniú.

3.5. Má mhaoinítear an éadáil ar fad nó cuid di trí fhiachas:

3.5.1. tabhair an t-iasachtóir le haghaidh gach ionstraim fiachais le fios;

3.5.2. tabhair na ráthaíochtaí agus an chomhthaobhacht uile atá bainteach le gach ionstraim fiachais le fios.

3.6. Má mhaoinítear an éadáil ar fad nó cuid di trí chothromas:

3.6.1. tabhair aitheantas na ngnóthas a bhfuil na scaireanna á suibscríobh/gceannach acu;

3.6.2. tabhair aon choinníoll atá i gceangal leis an maoiniú cothromais le fios.

3.7. Deimhnigh cé acu a rinne an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu aon éadálacha rialaithe le 3 bliana nó nach ndearnadh, éadálacha ar tugadh fógra don Choimisiún Eorpach maidir leo faoi Rialachán (AE) 2022/2560 nó faoi Rialachán (CE) 139/2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais.

3.8. Liosta d'éadálacha rialaithe a rinne an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar, éadálacha ar tugadh fógra faoi rialacha rialaithe cumaisc d'údarás iomaíochta náisiúnta san Aontas maidir leo.

---

[4] Chun críocha na Foirme FS-CO seo, tomhaiseann luach fiontair luach iomlán cuideachta, agus ba cheart caipitliú margaidh na sprice a chuimsiú i ríomh an luacha sin mar aon leis an bhfiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach freisin agus aon airgead tirim nó aon choibhéis airgid atá ar chlár comhardaithe na sprice.

4. ROINN 4: TAIRSEACHA FÓGARTHA

4.1. Tabhair an láimhdeachas san Aontas le haghaidh na bliana airgeadais roimhe sin[5] maidir le gach ceann de na gnóthais a shainaithnítear in Airteagal 20(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560 de réir mar is ábhartha[6]**:**

4.1.1. I gcás cumaisc: i gcás gach ceann de na gnóthais atá i mbun cumaisc;

4.1.2. I gcás éadáil rialaithe: an sprioc, lena n-áirítear an comhfhiontar i gcásanna ina bhfaightear comhrialú.

Ní mór sonraí láimhdeachais a sholáthar trí thábla teimpléid an Choimisiúin a líonadh isteach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

Ba cheart na sonraí láimhdeachais sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2560. I gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, más codanna a fháil, bíodh na codanna sin ina n-eintitis dhlíthiúla nó ná bíodh, de chuid gnóthais amháin nó níos mó atá sa chomhchruinniú, as láimhdeachas an díoltóra, ní chuirfear san áireamh ach an láimhdeachas a bhaineann leis na codanna atá ina n-ábhar den chomhchruinniú.

4.2. Maidir leis na gnóthais a shainaithnítear in Airteagal 20(3)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, an bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais comhiomlána comhcheangailte de níos mó ná EUR 50 milliún ó thríú tíortha deonaithe dóibh le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe[7], fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a éadáil?

☐ tá ☐ níl

---

5 Maidir leis an láimhdeachas a ríomh féach Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2022/2560.

6 De réir Airteagal 20(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/2560, is gá ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá i mbun cumaisc, an gnóthas a fuarthas, nó an comhfhiontar a bheith 'bunaithe san Aontas'. Ní mór 'bunaithe san Aontas' a thuiscint i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus cuimsítear leis corprú fochuideachta san Aontas, mar aon le bunaíocht bhuan ghnó san Aontas (féach breithiúnais i gcásanna C-230/14 Weltimmo, míreanna 29, 30; C-39/13, C-40/13 agus C-41/13 SCA Group Holding agus Eile, míreanna 24, 25, 26, 27; agus C-196/87 Steymann, mír 16).

7 Ba cheart a mheas go mbeidh ranníocaíocht airgeadais eachtrach deonaithe ón uair a gheobhaidh an tairbhí teidlíocht chun an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a fháil. Ní coinníoll riachtanach é eisíocaíocht iarbhír na ranníocaíochta airgeadais eachtraí chun go dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais eachtrach faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2560.

5. ROINN 5: RANNÍOCAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS EACHTRACHA

5.1. Tabhair le fios cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh aon ranníocaíochtaí airgeadais do gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil, ar ranníocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560:

5.1.1. Chun a chinneadh ar deonaíodh ranníocaíocht airgeadais eachtrach do ghnóthas a bhí anásta de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nár deonaíodh, tabhair le fios ar comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nó nár comhlíonadh ag aon phointe ama le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil:

5.1.1.1. An bhfuil an gnóthas ina chuideachta faoi dhliteanas, i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ tá ☐ níl

Sprioc ☐ tá ☐ níl

5.1.1.2. An cuideachta atá sa ghnóthas ina bhfuil dliteanas neamhtheoranta ar chuid dá bhaill ar a laghad as fiachas na cuideachta, agus i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá chaipiteal mar a léirítear é i gcuntais na cuideachta tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ is ea ☐ ní hea

Sprioc ☐ is ea ☐ ní hea

5.1.1.3. An bhfuil an gnóthas faoi réir comhimeachtaí dócmhainneachta nó an gcomhlíonann sé na critéir faoina dhlí náisiúnta lena chur i gcomhimeachtaí dócmhainneachta arna iarraidh sin ag a chreidiúnaithe?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ tá ☐ níl

Sprioc ☐ tá ☐ níl

5.1.1.4. I gcás nach FBM an gnóthas i gceist[8]:

5.1.1.4.1. an raibh cóimheas fiachas de réir na leabhar le cothromas an ghnóthais níos mó ná 7,5 le 2 bhliain anuas?

agus

5.1.1.4.2. an raibh cóimheas cumhdaigh úis EBITDA[9] an ghnóthais faoi 1.0 le 2 bhliain anuas?

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ bhí ☐ ní raibh

Sprioc ☐ bhí ☐ ní raibh

5.1.1.5. Más rud é gurbh é 'tá' nó 'bhí' an freagra le ceann ar bith de na ceisteanna i ranna5.1.1.1go5.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair le fios cé acu a bhí an gnóthas anásta nó nach raibh, a fuair sé aon ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a chur le hinmharthanacht fhadtéarmach an ghnóthais a athbhunú nó nach bhfuair (lena n-áirítear aon chúnamh leachtachta sealadach atá deartha chun tacú leis an athbhunú inmharthanachta sin) nó chun an páirtí sin a choimeád i mbun gnó ar feadh na tréimhse ama giorra is gá chun teacht ar phlean athstruchtúrúcháin nó leachtúcháin.

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ bhí ☐ ní raibh

Sprioc ☐ bhí ☐ ní raibh

5.1.1.6. Más rud é gurbh é 'tá' nó 'bhí' an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna5.1.1.1 go5.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair le fios má tá plean athstruchtúrúcháin ann a bhféadfaidh marthanas fadtéarmach an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó marthanas fadtéarmach na sprice eascairt as, agus má chuimsítear leis an bplean athstruchtúrúcháin sin ranníocaíocht dhílis shuntasach ón bpáirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu, ón sprioc nó ó aon pháirtí eile sa chomhchruinniú agus tabhair sonraí maidir leis an bplean sin.

---

8 Sainmhínítear fiontair bheaga agus mheánmhéide nó FBManna in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

9 Tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh.

5.1.1.7. Más rud é gurbh é ‘tá nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna 5.1.1.1 go5.1.1.4, tabhair údar leis an bhfreagra, lena n-áirítear tagairtí sa fhreagra leis na doiciméid tacaíochta atá le soláthar in iarscríbhinní (féadfaidh na doiciméid seo a leanas de chuid an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó na sprice, gan bheith teoranta dóibh, a bheith san áireamh: na ráitis is déanaí ón gcuntas brabúis agus caillteanais mar aon le cláir chomhardaithe, nó cinntí cúirte lena n-osclaítear imeachtaí dócmhainneachta cnuasaitheacha ar an gcuideachta nó doiciméid lena soláthraítear fianaise go gcomhlíontar na critéir lena cur faoi imeachtaí dócmhainneachta ar iarraidh na gcreidiúnaithe faoi dhlí cuideachta náisiúnta, etc.).

5.1.2. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, eadhon gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin (Airteagal 5(1)(b)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

Sprioc ☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

5.1.3. Beart maoinithe onnmhairiúcháin nach bhfuil i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil (Airteagal 5(1)(c)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

Sprioc ☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

5.1.4. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach (Airteagal 5(1)(d)).

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

Sprioc ☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

5.2. I gcás gach ranníocaíochta airgeadais eachtraí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú go haonarach le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil a d’fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560, soláthair an fhaisnéis seo a leanas agus soláthair doiciméid tacaíochta:

5.2.1. Foirm na ranníocaíochta airgeadais (e.g. iasacht, díolúine cánach, instealladh caipitil, dreasacht fhioscach, ranníocaíochtaí comhchineáil, etc.).

5.2.2. An tríú tír atá ag deonú na ranníocaíochta airgeadais. Sonraigh freisin an t-údarás nó an t-eintiteas poiblí atá á dheonú.

5.2.3. Méid gach ranníocaíochta airgeadais.

5.2.4. An cuspóir agus an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhí i gceist leis an ranníocaíocht airgeadais a dheonú don pháirtí

5.2.5. Cé acu atá aon choinníoll i gceangal leis na ranníocaíochtaí airgeadais mar aon lena húsáid nó nach bhfuil.

5.2.6. Tabhair tuairisc ar na príomhghnéithe agus na príomh-shaintréithe de na ranníocaíochtaí airgeadais sin (e.g. rátaí úis agus fad i gcás iasachta).

5.2.7. Tabhair míniú cé acu a thugann nó nach dtugann an ranníocaíocht tairbhe de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560 don ghnóthas ar deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach dó nó d'aon pháirtí eile sa chomhchruinniú[10]. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 8.

5.2.8. Tabhair míniú cé acu atá an ranníocaíocht teoranta le dlí nó le gníomh, de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560, do ghnóthais nó do thionscail áirithe nó nach bhfuil[11]. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 8.

5.3. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil agus ***nach bhfuil*** in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha a thugtar i dTábla 1 á leanúint.

[10] Ba cheart a mheas go dtugtar, le ranníocaíocht airgeadais, tairbhe do ghnóthas mura bhféadfaí í a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin mbealach chun measúnú a dhéanamh an ann do thairbhe, féach aithris 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

[11] Ba cheart an tairbhe a thabhairt do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. D'fhéadfaí sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh.

6. ROINN 6: TIONCHAR NA RANNÍOCAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS EACHTRACHA SA CHOMHCHRUINNIÚ AR AN MARGADH INMHEÁNACH

6.1. An bhfuil an comhchruinniú ag tarlú i gcomhthéacs próisis tairisceana struchtúrtha? Más ea:

6.1.1. Tabhair tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas tairisceana.

6.1.2. Tabhair tuairisc ar phróifíl gach duine de na hiarrthóirí eile a bhfuil tú ar an eolas faoi (e.g. cé acu is cuideachtaí cothromais phríobháidigh nó gnóthais thionsclaíocha iad nó nach ea).

6.2. Tabhair míniú ar na línte nó ar na gníomhaíochtaí gnó difriúla atá ag an sprioc, agus míniú á thabhairt ar chatagóirí táirgí agus/nó ar sheirbhísí arna dtairiscint i ngach ceann díobh agus ar na custaiméirí dá dtairgtear iad. Tabhair míniú an bhfuil an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu gníomhach sna gníomhaíochtaí nó línte gnó céanna nó gaolmhara agus tabhair tuairisc orthu.

6.3. I gcás gach ceann de na línte gnó nó gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc faoi Roinn 6.2 le haghaidh na sprice agus an pháirtí nó na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu', tabhair le fios an méid seo a leanas:

6.3.1. an láimhdeachas a baineadh amach ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais le haghaidh an líne gnó nó na gníomhaíochta gnó sin;

6.3.2. An céatadán atá i gceist leis an láimhdeachas a baineadh amach san Aontas i ndáil le láimhdeachas foriomlán an ghnóthais le haghaidh an líne gnó nó na gníomhaíochta gnó sin.

6.4. Le haghaidh gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais dá soláthraíodh faisnéis bhreise de bhun Roinn 5.2 thuas, tabhair míniú cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí feabhas a chur ar staid iomaíoch na bpáirtithe sa chomhchruinniú sa mhargadh inmheánach leis an ranníocaíocht airgeadais agus ar an gcaoi a gcuirfear an feabhas sin ar a staid. Agus freagra á thabhairt ar an roinn sin, déan tagairt do chineál, méid agus úsáid nó cuspóir na ranníocaíochta airgeadais.

6.5. Tabhair le fios má spreag an comhchruinniú fógraí maidir le rialú cumaisc san Aontas (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta) agus, más amhlaidh gur spreag, tabhair stádas gach ceann de na himeachtaí sin tráth an fhógra sin le fios.

6.6. Tabhair le fios má spreag an comhchruinniú comhduithe rialála eile san Aontas (amhail comhdú maidir le scagadh infheistíochta dírí coigríche ar an leibhéal náisiúnta) agus, más amhlaidh gur spreag, tabhair stádas gach ceann de na himeachtaí sin tráth an fhógra le fios.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

6.7. Tabhair sonraí teagmhála na gcúig iomaitheoir is mó de chuid na sprice atá gníomhach san Aontas.

6.8. Má spreag an comhchruinniú comhduithe maidir le rialú cumaisc san Aontas (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta), tabhair sonraí teagmhála uile na n-iomaitheoirí a sholáthraítear i gcomhthéacs an chomhdaithe nó na gcomhduithe sin maidir le rialú cumaisc.

7. ROINN 7: ÉIFEACHTAÍ DEARFACHA FÉIDEARTHA

7.1. Más infheidhme, liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach fhéideartha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach. Liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach eile a bhaineann leis an bhfóirdheontas eachtrach, amhail éifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe na cuspóirí beartais sin de chuid an Aontais, agus sonraigh cathain agus cá háit tharla na héifeachtaí sin nó lena bhfuil coinne go dtarlóidh siad. Tabhair tuairisc ar gach ceann de na héifeachtaí dearfacha sin.

8. ROINN 8: DOICIMÉADACHT TACAÍOCHTA

Soláthair an méid seo a leanas le haghaidh gach páirtí sa chomhchruinniú:

8.1. Cóipeanna de na doiciméid tacaíochta uile a bhaineann leis na ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560 de bhun Roinn 5.1.

8.2. Cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúrthóirí, nó den bhord maoirseachta:

(a) anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, cuir i láthair agus aon doiciméid inchomparáide ina bpléitear cuspóir, úsáid agus réasúnaíocht eacnamaíoch na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2560. Na doiciméid chéanna a sholáthar a d'ullmhaigh nó a fuair an t-eintiteas a dheonaíonn an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a mhéid agus atá siad i do sheilbh agat nó agus atá siad ar fáil go poiblí.

(b) Anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, láithreoireachtaí agus aon doiciméad inchomparáide chun measúnú nó anailís a dhéanamh ar an gcomhchruinniú i ndáil lena réasúnaíocht (lena n-áirítear doiciméid ina bpléitear an t-idirbheart i ndáil le héadálacha malartacha féideartha).

(c) I gcás gur thug aon chomhairleoirí seachtracha cúnamh don pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir le dícheall cuí a rinneadh ar an sprioc chun críocha an chomhchruinnithe, achoimrí, conclúidí nó tuarascálacha a sholáthar a d'ullmhaigh na comhairleoirí sin mar chuid den dícheall cuí sin, agus aon doiciméid ar a ndéantar luach an idirbhirt a mheas nó a phlé.

8.3. Tásc den seoladh idirlín, más ann dó, mar a bhfuil na cuntais nó na tuarascálacha bliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú ar fáil, nó mura bhfuil aon seoladh idirlín mar sin ann, cóipeanna de na cuntais bhliantúla agus de na tuarascálacha is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú.

9. ROINN 9: FIANÚ

Ní mór an fianú seo a leanas a chur ag deireadh an fhógra agus é sínithe ag na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu, nó thar a gceann siúd:

'*Deimhníonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-CO, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann.*

Is feasach dóibh na forálacha d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.'

Dáta:

[sínitheoir 1] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: ['ríomhshínithe' / síniú]	[sínitheoir 2 más infheidhme] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: ['ríomhshínithe' / síniú]

Tábla 1

Treoracha chun faisnéis a sholáthar a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) (Roinn 5.3)

1. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a dheonaigh gach tríú tír don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil agus ***nach bhfuil*** in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha thíos á leanúint.

A. An fhaisnéis atá le háireamh sa Tábla

2. Grúpáil na ranníocaíochtaí airgeadais difriúla in aghaidh an tríú tír agus ***in aghaidh an chineáil ranníocaíochta***, amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíoctha, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán (AE) 2022/2560), nó eile.

3. Ná háirigh ach na tíortha sin amháin a bhfuil méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil (a ríomhtar de réir phointe 5) cothrom le EUR 45 milliún nó os a chionn.

4. I gcás gach cineáil ranníocaíochta, tabhair tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais agus na n-eintiteas deonúcháin.

5. Cainníochtaigh méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaíonn ***gach tríú tír*** le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil i bhfoirm ***raonta***, mar a shonraítear sna nótaí a ghabhann leis an Tábla thíos. ***Chun an méid sin a ríomh,*** tá na breithnithe seo a leanas ábhartha:

(a) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha atá i gcatagóirí Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus ar soláthraíodh faisnéis ina leith faoi Ranna 5.1 agus 5.2 a chur san áireamh.

(b) ***Ná*** cuir ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfágtar as an áireamh san áireamh de réir phointí 6 agus 7 thíos.

B. Eisceachtaí

6. ***Ní gá*** duit faisnéis maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha seo a leanas a áireamh sa Tábla:

(a) Iarchuir íocaíochta cánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta, maithiúnais fhioscacha agus saoirí cánacha mar aon le gnáth-dhímheas agus rialacha maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh a bhfuil feidhm ghinearálta acu. Má tá na bearta seo teoranta, mar shampla, d'earnálacha, réigiúin nó cineálacha gnóthas áirithe, ní mór iad a áireamh ann.

(b) Faoisimh chánach a chur i bhfeidhm chun cánachas dúbailte a sheachaint i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, mar aon le faoisimh chánach aontaobhacha chun cánachas dúbailte a sheachaint a chuirtear i bhfeidhm faoi reachtaíocht náisiúnta um cháin a

mhéid agus a leanann siad an loighic agus na coinníollacha céanna le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.

(c) Earraí/seirbhísí a sholáthar/a cheannach (cé is moite de sheirbhísí airgeadais) ar théarmaí an mhargaidh i ngnáthchúrsaí gnó, mar shampla earraí nó seirbhísí a sholáthar/a cheannach a dhéantar de réir nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(d) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoin méid aonair de EUR 1 milliún.

7. I gcás comhchruinnithe i gciste infheistíochta nó in eintiteas dlítheanach faoi rialú ciste infheistíochta nó trí bhíthin ciste infheistíochta, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a deonaíodh do chistí infheistíochta eile atá á mbainistiú ag an gcuideachta infheistíochta chéanna ach a bhfuil infheisteoirí difriúla aici (nó ranníocaíochtaí a deonaíodh do chuideachtaí punainne a rialaíonn na cistí eile sin) ar choinníoll gur féidir leat a léiriú go gcomhlíontar go carnach na coinníollacha seo a leanas:

(a) Ní mór an ciste lena rialaítear an t-eintiteas éadála a bheith faoi réir Threoir 2011/61/AE an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha nó faoi réir reachtaíocht choibhéiseach tríú tír i dtéarmaí rialacha stuamachta, eagrúcháin agus iompair, lena n-áirítear ceanglais atá dírithe ar infheisteoirí a chosaint; agus

(b) Na hidirbhearta eacnamaíocha agus tráchtála idir an ciste lena rialaítear an t-eintiteas éadála agus cistí infheistíochta eile (agus na cuideachtaí atá faoi rialú na gcistí sin) atá á mbainistiú ag an gcuideachta infheistíochta, níl ann dóibh nó tá siad teoranta. Chuige sin, ní mór duit fianaise a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le haon idirbheart eacnamaíoch agus tráchtála den chineál sin a d'fhéadfadh gur tharla siad le linn na 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil. Áirítear ar idirbhearta eacnamaíocha agus tráchtála, ach gan bheith teoranta dóibh, sócmhainní a dhíol, (lena n-áirítear úinéireacht i gcuideachtaí), iasachtaí, línte creidmheasa nó ráthaíochtaí.

Páirtí X		
Tríú tír	**Cineál ranníocaíochta airgeadais***	**Tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochta airgeadais agus an eintitis deonúcháin****
Tír A	*Cineál 1*	
	Cineál 2	
	Cineál 3	
	Cineál 4	
	...	
Ranníocaíochtaí airgeadais measta comhiomlána arna ndeonú ag A: EUR […]***		
Tír B	*Cineál 1*	
	Cineál 2	

	Cineál 3	
	Cineál 4	
	…	
Ranníocaíochtaí airgeadais measta comhiomlána arna ndeonú ag B: EUR […]***		
Tír C		
…		

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: soláthair tábla ar leithligh le haghaidh gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu. Ba cheart tríú tíortha agus, i gcás inarb iomchuí, cineálacha na ranníocaíochtaí a chur in ord de réir mhéid iomlán na ranníocaíochta airgeadais eachtraí, ón méid is airde go dtí an méid is ísle.

(*) Sainaithin na ranníocaíochtaí airgeadais á ngrúpáil de réir cineáil: amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíoctha, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán 2022/2560), nó eile.

(**) Tuairisc ghinearálta ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear i ngach cineál agus ar chuspóir an eintitis deonúcháin / na n-eintiteas deonúcháin. Mar shampla, '*díolúine ó cháin le haghaidh tháirgeadh táirge A agus ghníomhaíochtaí R&D*', '*roinnt iasachtaí le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit chun críoch X*', '*roinnt bearta airgeadais le gníomhaireachtaí infheistíochta Stáit chun costais oibriúcháin a chumhdach / le haghaidh ghníomhaíochtaí R&D*', '*instealladh caipitil poiblí i gCuideachta X*'.

(***) Úsáid na raonta seo a leanas: '*EUR 45-100 milliún*', '*EUR >100-500 milliún*', '*EUR >500-1 000 milliún*', '*níos mó ná EUR 1 000 milliún*'.

C. Tuilleadh eolais

8. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar gach comhchruinniú, d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar roinnt tosca amhail na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí lena mbaineann, cineál na ranníocaíochtaí airgeadais nó sainiúlachtaí eile an cháis. I bhfianaise na sainiúlachtaí sin, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh i gcás ina measann sé faisnéis den sórt sin a bheith riachtanach le haghaidh a mheasúnaithe.